

# BEd Education
## with Gaeilge &/or Modern Languages

CAO code
**DN760**

## Why is this subject for me?

Are you interested in studying to be a teacher of modern languages and/or an Ghaeilge at post-primary level? Are you passionate about teaching young people and making a positive impact on their lives? This innovative teacher education programme prepares high quality language teachers to teach, inspire and lead across the Irish education system.

Delivered by UCD School of Education in collaboration with UCD School of Irish, Celtic Studies and Folklore and UCD School of Languages, Cultures and Linguistics, this four-year programme blends language learning and initial teacher education to prepare you to work as a language teacher in post-primary schools in the Irish education system. You can choose to study either two languages from the following list (French, Spanish, German, Italian or Portuguese) or one from this list along with an Ghaeilge. Alternatively, you can choose to major in an Ghaeilge alone. The following combinations are possible in this programme:

- BEd Education, Gaeilge and Modern Language (French, Spanish, German, Italian or Portuguese)
- BEd Education and Modern Languages (French, Spanish, German, Italian or Portuguese)
- BEd Education and Gaeilge

With each of the combination of subjects indicated above, students will engage in a series of modules which will develop their language proficiency skills, build linguistic competencies while also learning about the respective culture and literature of the language(s) being studied.

You will develop your pedagogical skills as a teacher as you progress through the programme, undertaking modules in foundation disciplines (history/sociology/psychology/philosophy of education, curriculum studies) and professional studies (communication skills, digital learning, research) while also engaging in school placement (in both primary and post-primary schools).

A key aspect of the programme is to prepare you for working with a diverse range of students and personnel across the education system, with particular emphasis on the school as a learning community.

## Professional Accreditation

This four-year concurrent initial teacher education (ITE) degree has been recognised and accredited by the Teaching Council of Ireland. Students fulfilling all elements and requirements of the programme will be eligible to apply for registration as a post-primary school teacher.

## Leaving Certificate Recommendations:

BEd Education, Gaeilge and Modern Languages

- at least a Grade H4 in Gaeilge and a Grade H4 in the Modern Language studied to Leaving Certificate (or equivalent).

BEd Education and Modern Languages

- at least a Grade H4 in one or more Modern Language(s) studied to Leaving Certificate (or equivalent). Two languages will be studied as part of this degree option. Both can be taken at non-beginners level or one of German, Italian, Spanish or Portuguese be taken at beginners level.

BEd Education and Gaeilge

- at least a Grade H4 in Gaeilge in Leaving Certificate (or equivalent).

## What will I study?

**Year 1**

You can study two languages (French, Spanish, German, Italian, Portuguese, an Ghaeilge) or an Ghaeilge solely. Language modules will focus on developing your language proficiency while also introducing you to the associated culture and literature. Education modules include:

- Irish Childhoods
- Socio-Historic Perspectives on Education
- Education for a Sustainable Future
- Creative Pedagogy & Wellbeing
- Communication Skills & Language Pedagogy.

Placement in this year will be undertaken in a primary school.

**Year 2**

You will continue to build your language proficiency engaging in modules focused on developing your skills and confidence in the language(s) you are studying as well as continuing with your cultural studies. Education modules include:

- Education for Democracy
- Inclusive Education for Learners with Additional Learning Needs (ALN)
- Curriculum, Assessment & Language Pedagogy.

Placement will be undertaken in a post-primary school.

**Year 3**

The immersive study abroad and/or in the Gaeltacht forms an integral part of this year to apply your language learning in a language placement. If studying two modern languages, placement will be undertaken in trimester two and three (Summer trimester) of the third year. If studying an Ghaeilge and a modern language, language placement will be undertaken in trimester one (the Gaeltacht) and two (Erasmus) of the course. If studying an Ghaeilge alone, language placement will be undertaken in trimester one of the courses. Education modules will be taken online to include research methods in preparation for the research project in year four of the course and digital technologies & language pedagogy.

**Year 4**

The final year of the course will prepare students for the intensive block placement experience to be undertaken in post-primary schools over two trimesters. Students will also engage in a research project, working with your Treoraí (co-operating teacher) to identify a relevant topic and to undertake the research study over the course of your placement. Education modules include:

- Professional Placement
- Portfolio & Methods (Trimester 1 & 2)
- Research Project.

Students will also engage in the final language modules required to ensure you meet the required standards for language proficiency.



This new and innovative teacher education course affords students the opportunity to study languages (French, Spanish, German, Italian, Portuguese, an Ghaeilge) while also engaging in foundational education modules to prepare for teaching in post-primary schools. Students will study language proficiency skills to a high standard, explore the culture of their chosen languages and undertake school placements (in both primary and post- primary schools). This course places particular emphasis on preparing teachers who can respond to the educational needs of students in an increasingly diverse and dynamic education system using creative and innovative approaches.

Deirdre McGillicuddy
Assistant Professor,
UCD School of Education



# Baitsiléir Oideachais
## Oideachas le Gaeilge &/nó Nuatheangacha

CAO code
**DN760**

## An é seo an cúrsa ceart domsa?

An bhfuil spéis agat bheith i do mhúinteoir nuatheangacha agus/nó i do mhúinteoir Gaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile? An bhfuil an-suim go deo agat dul leis an múinteoireacht agus tionchar dearfach a bheith agat ar shaol daoine óga? Ullmhóidh an clár nuálach oiliúna múinteoirí seo múinteoirí teanga ar ardchaighdeán chun daoine óga a theagasc, a spreagadh agus a threorú i gcóras oideachais na hÉireann trí chéile.

Is í Scoil an Oideachais COBÁC, i gcomhar le Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis COBÁC agus Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta COBÁC, a reachtálfaidh an clár ceithre bliana seo a dhéanfaidh foghlaim teanga agus oiliúint tosaigh múinteoirí a chumasc chun mic léinn a ullmhú le dul i mbun oibre mar mhúinteoirí teanga in iar-bhunscoileanna i gcóras oideachais na hÉireann. Is féidir staidéar a dhéanamh ar dhá theanga ón liosta seo a leanas (Fraincis, Spáinnis, Gearmáinis, Iodáilis nó an Phortaingéilis) nó ar theanga amháin ón liosta sin, mar aon leis an nGaeilge. Mar rogha air sin, is féidir Gaeilge a ghlacadh mar phríomhábhar léi féin. Tá na roghanna seo a leanas ar fáil sa chlár seo:

- Baitsiléir Oideachais - Oideachas, Gaeilge agus Nuatheanga amháin (Fraincis, Spáinnis, Gearmáinis, Iodáilis, nó an Phortaingéilis)
- Baitsiléir Oideachais - Oideachas agus Nuatheangacha, (Fraincis, Spáinnis, Gearmáinis, Iodáilis nó an Phortaingéilis)
- Baitsiléir Oideachais - Oideachas agus Gaeilge

I gcás gach ceann de na roghanna ábhar thuasluaite, tabharfaidh mic léinn faoi shraith de mhodúil a fhorbróidh a scileanna inniúlachta teanga agus a chothóidh a gcumas teanga, agus iad ag foghlaim faoi chultúr agus litríocht na teanga / na dteangacha faoi seach ag an am céanna.

Forbrófar scileanna oideolaíochta na mac léinn mar mhúinteoirí agus iad ag dul ar aghaidh sa chlár, ag tabhairt faoi mhodúil i mbonndisciplíní (stair/ socheolaíocht/ síceolaíocht/fealsúnacht an oideachais, staidéar curaclaim) agus staidéar gairmiúil (scileanna cumarsáide, foghlaim dhigiteach, taighde), agus iad ag tabhairt faoi shocrúcháin scoile (i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna) ag an am céanna.

Is cuid lárnach den chlár seo mic léinn a ullmhú chun oibriú le réimse éagsúil daltaí agus daoine ar fud an chórais oideachais, agus béim ar leith á cur ar an scoil mar ionad foghlama.

## Creidiúnú Gairmiúil

Tá an chéim chomhthráthach ceithre bliana seo um oiliúint tosaigh mhúinteoirí aitheanta agus creidiúnaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

Beidh mic léinn a chomhlíonann gach gné agus dualgas den chlár seo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárú mar mhúinteoirí iar-bhunscoile.

## Moltaí Ardteistiméireachta:

Baitsiléir Oideachais - Oideachas, Gaeilge agus Nuatheangacha

- ar a laghad Grád H4 sa Ghaeilge agus Grád H4 sa Nuatheanga ag leibhéal na hArdteistiméireachta (nó a chomhionann).

Baitsiléir Oideachais - Oideachas agus Nuatheangacha

- ar a laghad Grád H4 i Nuatheanga amháin nó níos mó ag leibhéal na hArdteistiméireachta (nó a chomhionann). Déanfar staidéar ar dhá theanga mar chuid den rogha seo. Is féidir staidéar a dhéanamh ar na teangacha seo ag leibhéal an neamhthosaitheora nó is féidir staidéar a dhéanamh ar Ghearmáinis, Iodáilis, Spáinnis nó an Phortaingéilis ag leibhéal an tosaitheora.

Baitsiléir Oideachais - Oideachas agus Gaeilge

- ar a laghad Grád H4 sa Ghaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta (nó a chomhionann).

## Ábhar an chúrsa

**Bliain 1**

Is féidir staidéar a dhéanamh ar dhá theanga (Fraincis, Spáinnis, Gearmáinis, Iodáilis, an Phortaingéilis, Gaeilge) nó ar an nGaeilge léi féin. Beidh na modúil teanga dírithe ar inniúlacht teanga na mac léinn a fhorbairt, agus ar bhlaiseadh a thabhairt dóibh ar an gcultúr agus litríocht a bhaineann leis an teanga / na teangacha sin ag an am céanna. I measc na modúl oideachais, beidh:

- An Óige in Éirinn
- Dearcthaí Sochstairiúla ar an Oideachas
- Oideachas le haghaidh Todhchaí Inbhuanaithe
- Oideolaíocht Chruthaitheach & Folláine
- Scileanna Cumarsáide & Oideolaíocht Teanga.

Tabharfar faoi shocrúchán i mbunscoil mar chuid de Bhliain 1.

**Bliain 2**

Leanfaidh mic léinn an chúrsa ar aghaidh ag cur lena n-inniúlacht teanga, ag tabhairt faoi mhodúil atá dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar a scileanna agus ar a muinín sa teanga / sna teangacha atá ar bun acu, chomh maith le leanúint ar aghaidh lena staidéar cultúrtha.

I measc na modúl oideachais, beidh:

- Oideachas ar son an Daonlathais
- Oideachas Ionchuimsitheach d'Fhoghlaimeoirí a bhfuil Riachtanais Bhreise Foghlama acu
- Curaclam, Measúnú & Oideolaíocht Teanga.

Tabharfar faoi shocrúchán in iar-bhunscoil mar chuid de Bhliain 2.

**Bliain 3**

Is cuid lárnach den bhliain seo an staidéar tumthach thar lear agus/nó sa Ghaeltacht chun scileanna teanga na mac léinn a chur i bhfeidhm i rith socrúchán teanga. Má tá staidéar á dhéanamh ar dhá nuatheanga, tabharfar faoin socrúchán i dtrimeastar 2 agus i dtrimeastar 3 (trimeastar an tSamhraidh) den tríú bliain. Má tá staidéar á dhéanamh ar an nGaeilge agus ar nuatheanga, tabharfar faoin socrúchán teanga i dtrimeastar 1 (an Ghaeltacht) agus i dtrimeastar 2 (Erasmus) den chúrsa. Má tá staidéar á dhéanamh ar an nGaeilge amháin, tabharfar faoin socrúchán teanga i dtrimeastar 1. Tabharfar faoi mhodúil oideachais ar líne, modhanna taighde san áireamh, mar ullmhúchán don tionscadal taighde sa cheathrú bliain, chomh maith le teicneolaíochtaí digiteacha & oideolaíocht teanga.

**Bliain 4**

Le linn bhliain dheireanach an chúrsa, ullmhófar mic léinn don dian-bhlocshocrúchán a bheidh le déanamh acu in iar-bhunscoileanna thar dhá thrimeastar. Anuas air sin, tabharfaidh mic léinn faoi thionscadal taighde, gach duine acu ag obair i gcomhar lena dTreoraí (múinteoir comhoibritheach) féin chun ábhar oiriúnach a roghnú agus an obair thaighde a dhéanamh thar chúrsa an tsocrúcháin. I measc na oiriúnach oideachais, beidh:

- Socrúchán Gairmiúil
- Punann & Modhanna (Trimeastar 1 & 2)
- Tionscadal Taighde.

Tabharfaidh mic léinn faoi na modúil dheireanacha teanga lena chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin riachtanacha a bhaineann le hinniúlacht teanga.



Tabharfaidh an cúrsa nua nuálach seo um oideachas múinteoirí deis do mhic léinn staidéar a dhéanamh ar theangacha (Fraincis, Spáinnis, Gearmáinis, Iodáilis, an Phortaingéilis, an Ghaeilge) agus iad ag tabhairt faoi bhonnmhodúil oideachais mar ullmhúchán chun dul leis an múinteoireacht in iar-bhunscoileanna. Déanfaidh mic léinn staidéar ar scileanna inniúlachta teanga go hardchaighdeán, déanfaidh siad iniúchadh ar chultúr a dteangacha roghnacha agus tabharfaidh siad faoi shocrúcháin scoile (i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna). Cuirfidh an cúrsa seo béim ar leith ar mhúinteoirí a ullmhú atá in ann fregairt do riachtanais oideachais daltaí i gcóras oideachais atá ag éirí níos éagsúlaí agus níos idirghníomhaí, trí leas a bhaint as cur chuige cruthaitheach agus nuálach.

Deirdre McGillicuddy
Ollamh Cúnta
Scoil an Oideachais, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Déan teagmháil linn:
e: BEd@ucd.ie w: www.ucd.ie/education/study/undergraduateprogrammes